



**Doiciméad Treorach do Sheirbhísí Luathbhlianta:
Prótacal chun cigireachtaí a dhéanamh ar sheirbhísí
luathbhlianta ag athoscailt faoi shrianta COVID-19**

TUSLA
An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Clár na n-ábhar

Réamhrá.....	2
Treoirphrionsabail	2
Ról an tsoláthraí chláraithe agus an duine atá i gceannas	3
Modheolaíocht	3
Próiseas Cigireachta.....	4
Tuarascáil na Cigireachta.....	4
Breis eolais trínar líne chabhrach	4
Rialú Leagan	5

Prótacal Cigireachta Luathbhlianta le haghaidh cigireachta tar éis athoscailt seirbhísí

Réamhrá

Tá Sainordú ag Cigireacht na Luathbhlianta a chinntiú go gcomhlíontar Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) Rialacháin 2016. Mar sin, beidh sé riachtanach cigireachtaí a atosú tar éis athoscailt seirbhísí luathbhlianta ar 29ú Meitheamh.

Chun cuidiú le soláthraithe cláraithe, d'fhorbair Cigireacht Luathbhlianta Tusla treoir chun athoscailt agus oibriú sábháilte le linn na tréimhse COVID-19 a éascú agus tacú leis.

Cruthaíodh craith doiciméad lena n-áirítéar an méid seo a leanas:

- Treoir do Sheirbhísí Luathbhlianta ag bainistiú COVID-19, (Tusla) [\[Íoslódáil anseo\]](#)
- Foirm fógra COVID-19 do sheirbhísí Luathbhlianta, (Tusla) [\[Íoslódáil anseo\]](#)
- Seicliosta Féinmheasúnaithe Luathbhlianta COVID-19, (Tusla) [\[Íoslódáil anseo\]](#)

Mar ullmhúchán d'atosú cigireachtaí rialála, eisíodh an treoir seo chun cur síos a dhéanamh ar na prionsabail agus modheolaíocht atá mar bhunchloch an phróisis seo.

Déantar cigireachtaí ar na cúiseanna seo a leanas:

- Comhlíonadh na rialachán a mheas le béim ar shábháilteacht agus folláine leanaí a fhreastalaíonn ar sheirbhísí luathbhlianta.
- Réamhchlárú seirbhíse nua agus sula gceadófar athrú suntasach ar sheachadadh seirbhíse, mar shampla méadú i líon na leanaí nó athrú ar chineál seirbhíse¹.
- Tar éis eolas a fháil a ithníonn riosca suntasach nó riosca ard do leanaí.

Treoirphrionsabail

Treoróidh na prionsabail seo a leanas cleachtas cigireachta²:

- Eolas isea sceidealú cigireachtaí chun luach poiblí a uasmhéadú agus dearbhuithe a sholáthar do theaghlaigh.

¹ Is cigireachtaí Oiriúnach don Fheidhm iad na cigireachtaí seo agus cuireadh túis leo i seirbhísí i Meitheamh 2020 de réir mar is gá.

² Tá an mhodheolaíocht agus na frámaí ama a leagtar síos sa doiciméad seo faoi réir athraithe de réir na treorach sláinte poiblí agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn.

- Leasaíodh an próiseas cigireachta chun an méid ama a chaitheann Cigireachtaí Luathbhlianta sa tseirbhís a íoslaghcdú. Rachaidh an Cigire Luathbhlianta i dteagmháil leis an soláthraí cláraithe nó leis an duine atá i gceannas roimh an gcigireacht ar an láthair agus tabharfaidh sé an deis dóibh an doiciméadúchán riachtanach a chur isteach sula dtéann siad ar an láthair, (féach modheolaíocht na cigireachta thíos). Ón 12^ú Deireadh Fómhair 2020, beidh an chuid den chigireacht ar an láthair gan réamhfógra. I líon beag cásanna, beidh sé riachtanach cigireachtaí neamhphleanálte a dhéanamh i gcás ina n-ardaítear imní suntasach nó práinneach faoi sheirbhís (m.sh. eolas gan iarraidh) gan aon chuid iargúla.
- Tá an Chigireacht Luathbhlianta tiomanta cloí le treoir sláinte poiblí agus ár ndualgais á gcomhlíonadh againn. Cloífidh Cigirí Luathbhlianta le deachleachtais sláinteachais láimhe ar iontráil, imeacht agus go trúthrialta le linn na cigireachta. Leanfaidh Cigirí Luathbhlianta an nós imeachta sláinteachais riospráide sláinte poiblí a mholtar. Cloífidh Cigirí Luathbhlianta le bearta um fhadú sóisialta agus cuirtear teorainn leis an am a chaitear i dteagmháil le daoine fásta agus leanaí. Beidh úsáid Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) ar an gcigireacht, de réir mar is gá, á threorú ag comhairle sláinte poiblí.
- Beidh sé riachtanach dul isteach i seomraí cúraim chun cleachtais a mheas agus nósannaimeachta a phlé leis an bhfoireann. Déanfaidh Cigirí Luathbhlianta an t-am a chaitear i ngach seomra cúraim a theorannú don íosmhéid ama is gá. I gcúinsí áirithe, b'fhéidir go mbeidh sé riachtanach filleadh ar an seomra cúraim níos déanaí sa chigireacht, ach coinneofar é seo chomh híseal agus is féidir.
- Soláthrófar aiseolas tar éis na cigireachta go cianda agus i bhfoirm na tuarascála cigireachta freisin. I roinnt cásanna, féadfar an cruinniú aiseolais a reáchtáil ar an láthair, ach sin amháin má aontaíonn an soláthraí cláraithe agus an Cigire Luathbhlianta agus má tá suíomh oiriúnach ann. Ardófar aon rioscaí láithreacha a aithneofar leis an duine atá i gceannas nó leis an soláthraí cláraithe sula gcuirfear an chigireacht ar an láthair i gcrích.

Ról an tsoláthraí cláraithe agus an duine atá i gceannas

Mar an soláthraí cláraithe, ba cheart duit taifid a choinneáil a bhaineann le hullmhacht seirbhíse chun leathadh COVID 19 i do shuíomh a chosc agus a rialú. Cuideoidh sé seo leis an bpróiseas cigireachta agus laghdóidh sé an méid ama is gá a chaitheamh leat le linn na cigireachta.

Féach le do thoil [Seicliosta Féinmheasúnaithe na Cigireachta Luathbhlianta do Sheirbhísí Luathbhlianta](#) agus an uirlis chigireachta dírithe chun cabhrú leat do sheirbhís a ullmhú le haghaidh oscailt agus chun cigireachtaí a atosú.

De réir riachtanais Rialachán 31 den Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) Rialacháin 2016, iarrrtar ort [fógra](#) a thabhairt don Chigireacht laistigh de thrí lá ó aon mhiniúch d'ionfhabhtú COVID 19 laistigh de do sheirbhís.

Modheolaíocht na Cigireachta

Cuimseoidh scóip na gcigireachtaí:

- na nóstannaimeachta atá curtha i bhfeidhm chun leathadh COVID-19 a chosc ar aon dul leis an seicliosta féinmheasúnaithe

COVID-19 Inspection Protocol for RP

2. neamhchomhlíonadh roimhe seo nár cuireadh clabhsúr leis agus

3. cúram agus folláine foriomlán leanaí.

Foirchoimeádann an chigireacht an ceart an próiseas cigireachta a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh ardriosca.

Próiseas Cigireachta

- **Céim a haon:** Rachaidh an Cigire Luathbhlianta i dteagmháil leis an soláthraí cláraithe nó leis an duine ainmnithe atá i gceannas agus soláthróidh sé liosta doiciméad atá le cur isteach (féach an doiciméad dar teideal "Iarratas ar Dhoiciméadúchán Réamhchigireachta" [Íoslódáil anseo!](#)). Aontóidh an soláthraí cláraithe agus an Cigire Luathbhlianta na taifid atá le cur isteach trí ríomhphost nó a chóipeáil le haghaidh an Chigire Luathbhlianta le bheith réidh don chigireacht ar an láthair. Tabharfaidh an Cigire Luathbhlianta breac-chuntas freisin ar an bpróiseas cigireachta lena n-áirítear aiseolas a sholáthar don soláthraí cláraithe.
- **Céim a dó:** Déanfaidh Cigirí Luathbhlianta athbhreithniú ar aighneachtaí tosaigh agus rachaidh siad i dteagmháil le soláthraithe cláraithe roimh an gcigireacht de réir mar is gá.
- **Céim a trí:** Cuirfidh an Cigire Luathbhlianta eolas ábhartha isteach san uirlis chigireachta agus socróidh siad glao gutháin leis an soláthraí cláraithe nó leis an duine atá i gceannas. Cuimseoidh an glao seo:
 - an cruinniú tosaigh ag míniú an phróisis chigireachta,
 - comhlánú páirteach ar an uirlis chigireachta de réir mar is cuí.
- **Céim a ceathair:** Déantar an chigireacht gan réamhfhoígra ar an láthair. Déanfar measúnú ar an láthair ar an seirbhís, agus cloífeart go docht le fad sóisialta. Tionólfar cruinniú aiseolais go cianda nó ar an láthair má aontaíonn an dá pháirtí leis.
- **Céim a cúig:** Tar éis na cigireachta ar an láthair, dréachtóidh agus eiseoidh an Cigire Luathbhlianta tuarascáil chigireachta. Tá sé tábhachtach go gcuireann an soláthraí cláraithe an CAPA agus cruinneas fiorasach ar ais go pras ionas gur féidir tuarascálacha cigireachta a fhoilsíú gan mhoill.

Uirlis Chigireachta

Tá formáid agus ábhar na cigireachta curtha in oiriúint agus beidh siad ar fáil ar an First5 (www.first5.gov.ie) agus Tusla (www.tusla.ie) roimh athoscailt na seirbhísí.

Breis eolais trínár líne chabhrach

Má tá aon cheist agat faoin doiciméad treorach nó na cigireachtaí seo, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le:

Ainm	Teagmháil	Ríomhphost	Réigiún
Margaret Monahan	091 775823	Margaret.Monahan1@tusla.ie	Iarthuaisceart & Lár-Iarthar
Karina Cullen	087 6873904	karina.cullen@tusla.ie	Baile Átha Cliath Theas & Baile Átha Cliath Lár Laighean
Paula O'Keeffe	087 9115333	Paula.OKeeffe@tusla.ie	Oirdheisceart & Iardheisceart

COVID-19 Inspection Protocol for RP

Breda Hayes	087 1784593	breda.hayes7@tusla.ie	Tuaisceart Bhaile Átha Cliath & Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath
-------------	----------------	--	---

Rialú Leagan

Uimhir Leagan	Cuspóir/Athrú	Dáta
1.0	Dréacht-leagan – iar-chomhairliúcháin	26/06/2020
2.0	Doiciméad mionleasuithe	16/07/2020
3.0	Mionleasuithe ar eolas cigireachta	08/10/2020